

Ba chóir d'Éire an tAontas Eorpach a fhágáil

A chathaoirligh, a mholtóirí, a lucht an fhreasúra agus a dhaoine uaisle, is é an rún atá á phlé againn inniu ná go mba chóir d'Éire an tAontas Eorpach a fhágáil. Táimse agus m'fhoireann go huile is go hiomlán i gcoinne an rúin seo agus tá súil agam go mbeidh sibh ar aon intinn liom nuair a chloisfidh sibh mo chuid argóintí. Labhróidh mé i dtosach faoi chúrsaí taistil mar aon leis na **himpleachtaí geilleagracha agus fostaíochta** (economic and employment implications). Ansin labhróidh mo chomrádaí Shéan faoi dheiseanna oideachais agus oiliúna a thagann leis an AE ach go háirithe an scéim Erasmus, atá tar éis deis a thabhairt do 50,000 mac léinn staidéar a dhéanamh ar fud na hEorpa. Agus ar deireadh déanfaidh Sarah plé ar **bhallraíocht** (membership) an Aontais Eorpaigh mar bhuntáiste dóibh siúd a labhraíonn Gaeilge agus atá ag iarraidh í a chur chun cinn.

Ach i dtús báire, cad go díreach a chiallaíonn ár n-imeacht as an Aontas Eorpach? Beimid scartha ó **mhóirthír na hEorpa** (mainland Europe), inár dtír beag neamhspléach uaigneach linn féin gan cabhair ar bith. Cé a thiocfaidh i gcabhair orainn má tharlaíonn **géarchéim airgeadais** (economic crisis) ar nós i 2008? – beimid fágtha inár n-aonar. Tá an cheist seo á plé againn inniu mar gheall ar scéal na Breaitimeachta ata á phlé faoi láthair. Tá na méain ag iarraidh dallamullóg a chur orainn, iad **ag cur ina luí orainn** (implying) go bhfuil an oiread airgid á chur isteach san AE agus nach bhfuilimid ag baint aon tairbhe as. Ach níl fírinne ar bith leis an ráiteas sin, rud a phléifidh mé níos deanaí, níl na méain ach ag iarraidh dul i gcionn ar ár mothúcháin agus níos mó nuachtán/**síntiús** (subscription) a dhíol.

Is léir don dall go bhfuil Éire tar éis athrú ó **thír tradisiúnta, talmhaíochta, coimeádach** (traditional, agricultural, conservative country) go tír nua-aimseartha dírithe ar thionscail ardteicneolaíochta. Agus tá cuid de seo mar thoradh ar an Aontas Eorpach. Ó chuaigh Éire isteach san Aontas Eorpach is 'glanfhaighteoir' í de **mhaoiniú ó chistí Eorpacha** (finance from European funds) agus **sin mar a bheidh go fóill fad agus a bheidh an plean airgeadais de chuid an Aontais atá ann faoi láthair, an Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2014-2020 (MFF) i bhfeidhm** (that's how it will stay as long as the finance plan 'Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2014-2020' is in place). Go bunúsach ciallaíonn sé sin gur mó a fhaighimid amach as cistí an Aontais ná mar a chuirimid isteach iontu. Idir 1973

agus 2014 fuair Éire breis is €72.5 billiún ón AE ach nílimid tar éis ach €30 billiún a chur isteach i gcistí an Aontais. Tá an t-airgead sin tar éis dul isteach i dtógáil bóithre agus infrastruchtúir, deontáisí do chomhlachtaí beaga ach go háirithe eagraíochtaí lonnaithe i gceantair Ghaeltachta. Bhí ról rí-thábhachtach ag an infheistíocht sin i **bhforbairt ghéilleagar na hÉireann** (development of the Irish Economy) go dtí an pointe seo.

A Shíle, dúirt tusa go mba cheart d'Éire a bheith féin-chothaitheach. Ceapaim gur seafóid amach is amach é agus níl sé **réadúil** (realistic) ar chor ar bith. Caithfear a chuimhniú gur **géilleagar oscailte** (open economy) í geilleagar na hÉireann agus go bhfuilimid ag braith go mór ar **easpórtálacha** (exports). Cabhraíonn ár mballraíocht den AE le go leor deiseanna trádala. Tá sé níos éasca agus níos saoire ag easpórtálaithe Éireannacha a n-earraí a dhíol ar mhargaí domhanda, brabúsacha mar shampla an Chóire Theas, Meiriceá Láir srl. mar thoradh ar **chomhaontaithe trádala an Aontais** (the Union's trading agreements). Faoi láthair tá comhaontas trádala nua faoi chaibidil leis na Stáit Aontaithe, comhaontú a d'fhéadfadh méadú 1.1% nó €2 billiún a chur le **hOlltáirgeacht Intíre na hÉireann** (GDP – Gross Domestic Product). Freisin ní hábhar buartha é **rataí malairte airgeadais** (exchange rates) a bhíonn de shíor ag athrú do ghnólachtaí Éireannacha i mbun easpórtála chuig tíortha eile an limistéir Euro mar **gurb é an Euro ár n-airgeadra** (Euro is our currency). Is náisiún beag í Éire, cruthaíonn ár gcomhaontú leis an AE an oiread deiseanna dúinn nach mbeadh le fáil dá mba rud é go rabhamar inár n-aonar.

A dhaoine uaisle tá a fhios agaibh féin go bhfuil go leor pleanáil agus eagrú ag baint le dul ar thuras thar lear - ó árachas taistil go **heitiltí a chur in áirithe** (booking flights) nó fiú cuimhnigh ar **féilire** (adapter) a phacáil. Mar sin is mór an **faoiseamh** (relief) é gur féidir le saoránaigh na hÉireann taisteal go dtí aon cheann de na **Ballstáit** (member-states) agus fanacht chomh fada agus is mian leo gan aon víosa de dhíth orthu ! Freisin ní hábhar buartha iad na rátaí malairte airgeadra a thuilleadh nó airgeadra a athrú nuair a thugtar cuairt ar thíortha ina n-úsáidtear an Euro. Chomh maith le sin tá **an t-ualach tógtha de do ghualainn** (stress/weight taken from your shoulders) maidir le haon timpiste a tharlaíonn thar lear. Leis an **gCárta Eorpach Sláinte** (EHIC) is féidir le saoránaigh na hÉireann **bunchúram sláinte** (basic healthcare) a fháil agus iad ag taisteal san Aontas Eorpach. Leis an gcárta sin tá tú i dteideal cúram sláinte a fháil tríd an gcóras poiblí i dtíortha an Aontais agus tíortha an **Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch** (EEA – European Economic Area). Mar gheall ar seo is féidir leat díriú ar dhath gréine a fháil seachas a bheith buartha faoi airgeadra nó víosa !

Faraor a chairde, tá an t-am ag sleamhnú agus tá sé in am agam deireadh a chur le mo chuid cainte. Tá súil agam gur thug mé **ábhar machnaimh** (food for thought) daoibh agus go n-aontaíonn sibh le mo chuid tuairimí. Ní hionann ceart agus neart áfach, agus táim ag ceapadh go bhfuil ceart ar mo thaobhsa nuair a deirim nár cheart d'Éire an Aontas Eorpach a fhágáil. Go raibh míle maith agaibh as an éisteacht chineálta a thug sibh dom.